# Coláiste Feirste

10/8/20

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

I hope you have had a good summer holiday and your son/daughter is looking forward to starting Year 8 at Coláiste Feirste. We are very excited to welcome you, as parents, and your child into our community. We acknowledge we have included a lot of information here; however, we wish to respond to some of the queries we have received from parents, and provide clear guidelines.

Below is some key information regarding the arrangements for the start of the new term.

• Induction Mornings – The Year 8 induction mornings will take place **on a phased (group) basis** between Monday 24th August – Thursday 27th August from 9:00 a.m. – 12.00 noon. We will meet with half the year group on Monday and Wednesday, and the other half Tuesday and Thursday. YOU WILL RECEIVE A LETTER IN THE POST THIS WEEK TO TELL YOU WHICH CLASS YOUR CHILD IS IN, AND THE DAYS YOUR CHILD SHOULD COME TO SCHOOL. **Your child will quote the class they belong to on arrival.** All pupils must go to the Spórtlann building. **N.B. Please refrain from dropping students prior to 8.50.** The induction process will be coordinated by the form tutor. Students should bring water and a snack **(nut free)** with them for breaktime. Pupils may make their own way home or be collected from the Spórtlann at 12:00 noon.

• Uniform - Pupils must attend in full school uniform**. Please note that shoes must be completely black, with no colour present. White soles will not be permitted.** All pupils must wear school blazers; **personal overcoats or hoodies are forbidden.** For health and safety issues, **only stud earrings are allowed.** Clear nail varnish is permitted but fake nails or extensions are not permitted. Pupils may carry a schoolbag and should bring one pencil case with pens and pencils. All school books will be provided by the school, and kept in classrooms.

• Car drop off – all cars must now enter the school via the Spórtlann. **There will be no vehicle access through the Beechview Park gates.** Should your child have a disability or require special arrangements, these can be accommodated with prior agreement. In this case, please contact the school office 90320707 or SENCO Mary Uí Dhaimhín muidhaimhin328@c2kn.net to arrange this in advance.

• School buses - Bus pass applications should be made via the EA website. The College office staff will arrange for bus passes to be collected and signed for by students as and when they are received from EA. Any queries regarding bus passes should be directed to the EA transport department.

• Important Dates- A copy of Coláiste Feirste term dates and holidays for 2020/21 will be made available on the College website, www.colaistefeirste.org

• The Department of Education recently announced that social distancing is no longer required in schools. However, in Coláiste Feirste, 'protective bubbles,' will be used to reduce interactions at Key Stage 3 (Years 8/9/10). This will mean the following:

• Each form class will be allocated a single classroom.

• Teachers will move to the room.
• All books will be stored in the room.
• Each student will be allocated a desk.
• Each year group will be allocated a zone, a toilet and sink area, and a base room for lunch.

•Health and Safety - Hand sanitiser stations will be located outside all main entrances and outside classrooms. In addition, many classrooms have sinks with and washing facilities. We ask that you continue to promote hand hygiene routines with your child.

The following arrangements will be implemented in the canteen:
• Central hand sanitiser stations, (at entrance of the door).
• One-way system.
• To reduce canteen flow, lunches will be delivered daily to classrooms.

• Ionad Tacaíochta/Learning Support Centre
The Learning Support Area (the "*Ionad*") will be used by Ionad staff and SEN students as a safe space. These areas may be required to reduce anxiety. They will also be used as teaching spaces to support the learning. To support our most vulnerable children, assistants will have access to P.P.E. which is to allow for closer contact than the 2m rule.

I hope that you enjoy the remainder of the Summer holidays and look forward to seeing you next week.

Tá súil agam gur thaitin saoire an tsamhraidh leat agus go bhfuil an páiste s'agat ag dúil le toiseacht anseo ar Choláiste Feirste. Tá lúchair orainn fáilte a chur romhatsa mar thuismitheoir agus roimh do pháiste chuig an scoilphobal s'againne. Tá go leor le léamh anseo, agus maith dúinn as sin, ach tá muid ag iarraidh soiléiriú a thabhairt ar cheisteanna a fuair muid uaibh, a thuistí.

Seo chugaibh eolas tábhachtach maidir le socruithe thús an téarma.

• Laethanta Ionduchtúcháin – tarlóidh na laethanta seo **ar bhonn céimnithe** ón Luan 24 Lúnasa ó 9:00rn go dtí 12:00 meánlae. Buailfidh muid le leath den bhlianghrúpa Dé Luain agus Dé Céadaoin agus an leathchuid eile Dé Máirt agus Déardaoin. CUIRFEAR LITIR CHUGAT AN TSEACHTAIN SEO LE CUR IN IÚL CÉN RANG INA BHFUIL DO PHÁISTE AGUS NA LAEHTANTA IS CÓIR DO DO PHÁISTE TEACHT CHUN NA SCOILE. **Is gá don pháiste an rang foirme s'aige a lua agus iad anseo.** Téann gach dalta chuig an Spórtlann. **Iarraimid oraibh gan na daltaí a thabhairt isteach roimh 8:50.** Déanfaidh an múinteoir foirme an córas ionduchtuithe leis an rang. Iarrtar ar na daltaí buidéal uisce a thabhairt leo agus smailc **(gan cnónna)** don tsos. Beidh cead ag na daltaí imeacht nó is féidir iad a bhailiú ón Spórtlann ag 12:00 meánlae.

• Culaith scoile – is gá do na daltaí culaith scoile iomlán a chaitheamh. **Tabhair faoi deara nach gceadaítear ach bróga atá go hiomlán dubh.** Is gá casóg scoile a chaitheamh agus **ní cheadaítear aon bharrchóta phearsanta.** Ar chúiseanna sláinte agus sabháilteachta, **ní cheadaítear ach fáinní cluaise stoda.** Ceadaítear snas ingne glan, ach **ní cheadaítear ingne bréige**. Is féidir mála scoile a thabhairt, cása peann luaidhe, pinn agus pinn luaidhe. Cuirfidh an Coláiste na leabhair ar fáil agus coinneofar iad uilig ar scoil, sna seomraí ranga.

• Carranna – is gá tiomáint isteach ar gheata na Spórtlainne. Ní cheadaítear d'aon charr teacht isteach ar gheata Pháirc Radharc na bhFeá. Má bhíonn riachtanais ar leith ag do pháiste, is féidir socrú a dhéanamh roimh ré le cead. Sa chás seo, gabh i dteagmháil le hoifig na scoile ar 90320707 nó leis an Chomhordaitheoir RSO, Mary Uí Dhaimhín ag muidhaimhin328@c2kni.net

• Busanna scoile – is gá iarratais le haghaidh pasanna a dhéanamh go díreach leis an ÚO. Déanfaidh an Oifig socrú do na daltaí na pasanna a bhailiú nuair a thagann siad ón ÚO. Is gá aon cheist maidir le pasanna a dhéanamh leis an Rannóg Iompair ag an ÚO féin.

• Dátaí tábhachtacha – cuirfear cóip de dhátaí tábhachtacha agus laethanta saoire na scoilbhliana 2020/2021 ar shuíomh na scoile www.colaistefeirste.org amach anseo.

• Le cúpla lá anuas, d'fhógair an Roinn Oideachais go mbeadh athrú ar na treoirlínte faoin scaradh sóisialta sna scoileanna. Sin ráite, anseo ar Choláiste Feirste, is mian linn bheith an-chúramach go fóill faoin cheist seo agus cuirfidh muid "bolgáin chosanta" i bhfeidhm le gearradh siar ar an idirghníomhaíocht idir na daltaí ag Eochairchéim 3 (Bliain 8/9/10). Is ionann seo agus:

- Fanfaidh na daltaí ina seomra foirme féin;
- Aistreoidh na múinteoirí ó sheomra go seomra;
- Beidh a deasc féin ag gach dalta;
- Beidh zón ar leith do gach blianghrúpa ina mbeidh leithris, doirtil agus áit lóin.

• Sláinte agus Sábháilteacht – cuirfear díghalrán lámh taobh amuigh de gach doras agus taobh amuigh de sheomraí ranga. Chomh maith leis seo, tá doirteal agus deiseanna le lámha a ní in go leor seomraí agus iarrann muid ort nósanna láidre maidir le ní na lámh a chothú sna páistí.

• Curfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm sa bhialann:
• díghalrán lámh (ag doras na bialainne)
• córas aontreo
• le gearradh siar ar an bhrú, tabharfar lón chuig na seomraí ranga do na daltaí.

• Ionad Tacaíochta – Beidh foireann an Ionaid agus daltaí le RSO in ann deis a bhaint as seirbhísí an Ionaid. Cuirfear an spás féin ar fáil, chomh maith, le tacú le daltaí a bhfuil buaireamh orthu. Beidh cúntóirí ag cur tacaíocht foghlama agus eile ar fail anseo fosta. Le tacú leis na daltaí is leochailí, beidh fáil ag cúntóirí ar PPE as siocar iad a bheith ag obair níos congaraí na 2mh le chéile.

Táimid ag dúil go mór le sibh a fheiceáil gan mhoill.

Le gach dea-ghuí,

Emer Mhic an Fhailí

Leas-Phríomhoide

Coláiste Feirste

7 Páirc Radharc na bhFeá,
Béal Feirste BT12 7PY
Guthán 028 9032 0707